Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13322/22**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0320(COD)**

**CODEC 1451**
**SAN 552**
**PHARM 155**
**COVID-19 157**
**PROCIV 122**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón Ungáir**

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Thairis sin, is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir coincheap an 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' i rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú.